An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta

Oide

| Teanga na Bunscoile | Curaclam Corpoideachais |
|---|---|
| Snáithe: Teanga ó Bhéal Gné: Tuiscint:<br><br>TF6 -Léiriú tuisceana: tuiscint a léiriú trí threoracha a leanúint agus a thabhairt. tuiscint a léiriú trí mhíniúcháin agus cur síos a thuiscint.<br>TF4- Struchtúr abairte agus gramadach: úsáid a bhaint as abairtí leanúnacha leis an aimsir cheart, le hord ceart na bhfocal agus le struchtúr ceart na habairte. | Snáithe:<br>Gníomhaíochtaí lasmuigh & gníomhaíochtaí eachtraíochta<br><br>Snáithaonad: Treodóireacht Cuspóirí Curaclaim: Ba chóir go gcuirfí ar chumas an pháiste: an tuiscint atá acu ar threoshuíomh léarscáile chomh maith leis an gcumas atá iontu bealach a roghnú agus a leanúint a mheas |

**Tagairtí**

- Primary Language Curriculum / Curaclam Teanga na Bunscoile (2019)
- Curaclam na Bunscoile 1999 Corpoideachas lch (57-59)
- Corpoideachas: Treoirlínte do Mhúinteoirí 1999 (Lch 91) Tionscnamh Spóirt i mBunscoileanna (PSSI) 1999 (https://pssi.pdst.ie/
- Gluais go Maith, Gluais go Minic (PDST) https://www.pdst.ie/physli
- An Gúm, https://www.forasnagaeilge.ie/angum/wp-content/uploads/sites/5/2021/07/07-Airde-an-Chomp-FT-R4.pdf

## Measúnú agus aiseolas le linn an cheachta

- Tascanna MSF: Líon na Bearnaí, Smaoinigh Gabh i mBeirt agus Gabh i bPáirt (Think,Pair, Share), Glaoigh Amach É, Teagasc Rud Foghlaim Rud (Each One Teach One), Treodóireacht ó Phointe go Pointe, Tasc Féinmheasúnaithe
- Breathnoireacht an Mhúinteora: Siúil timpeall an ranga le linn an cheachta ag breathnú ar na páistí. Dírigh ar fhoghlaim an ábhair agus ar úsáid na Gaeilge.
- Ceistiú Éifeachtach: Bain úsáid as na moltaí thíos (féach teanga an mhúinteora) chun na daltaí a cheistiú, tuiscint a chinntiú agus iad a chur i mbun cumarsáide.
- Aiseolas ceartaitheach: Bainfidh na daltaí úsáid as Gaeilge agus Béarla le linn an cheachta. Tá úsáid an Bhéarla nádúrtha, ach le tacú le teanga na ndaltaí a fhorbairt bain úsáid as leideanna, athrá agus múnlóireacht chun na daltaí a chur i dtreo na Gaeilge. Tuilleadh sonraí ar fáil anseo: https://curriculumonline.ie/getmedia/b5f93d3c-4db7-474b-9dc1-63952d987716/Aiseolas-Ceartaitheach-i-gComhtheacs-an-Tumoideachais.pdf
- Féinmheasúnú: Úsáid ordóga suas/síos le tuiscint na bpáistí a mheas.
- Dialann an mhúinteora: Coinnigh nótaí den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise uathu.

**Féinmheasúnú an Mhúinteora:**
D'fhéadfá nótaí a choinneail den téarmaíocht atá ag teastáil ó na páistí. Coinnigh taifead maidir le páistí a bhfuil cabhair bhreise de dhíth orthu ó thaobh na teanga de nó an chorpoideachais de. Nó breac nótaí breise síos maidir le hoiriúnacht an cheachta anseo.

## Trealamh:

Teilifís Chliste, PowerPoint 2, leathanaigh oibre le priontáil (PowerPoint 2)
Trealamh: Léarscail mhéadaithe d'fhearann na scoile (le déanamh), Staduaireadóir, Bord agus cathaoireacha, Rialaitheoirí (le criáin dhaite dhifriúla in éineacht le gach ceann acu), Cártaí rialaithe agus pinn dhearga/pinn luaidhe do Rang 6 chun a léarscáileanna féin a mharcáil, Máistirchárta rialaithe

## Teanga na nDaltaí

Tá réimse leathan foclóra agus teanga ag baint leis na ceachtanna seo. Tá teanga féideartha leagtha amach thíos. Ní gá go mbeadh múinteoir ag díriú ar an bhfoclóir ar fad atá luaite anseo. Moltar dul siar ar aon teanga atá ag na páistí cheana agus an teanga nua is mian leat a chleachtadh agus a mhúineadh a thabhairt do na páistí de réir a chéile. D'fhéadfaí an foclóir agus na frásaí nua a úsáid go neamhfhoirmiúil le linn ghnáthaimh an lae. Déan iarracht an oiread agus is féidir den fhoclóir a mhúineadh roimh ré mar ullmhúchán do na gníomhaíochtaí treodóireachta

| | | |
|---|---|---|
| Treodóireacht<br>Léarscáil<br>Úsáideann tú léarscáil....<br>Foirgneamh / Claí / Busáras / Conair rothaíochta / Abhainn / Balla / Mótarbhealach / Láib / Cosán / Láthair picnicí / Iarnród / Críoch / Tús / Ionad cuairteoirí / Uisce / Carrbhealach dúbáilte/Pairceáil / Teorainn an stáit<br>Cá bhfuil an ________? | Tá sé in aice leis an ___________.<br>Ar chúl<br>Taobh thiar<br>In aice leis<br>Gar don<br>Ar dheis<br>Ar chlé<br>Taobh leis an<br>Ó thuaidh/ó dheas | Taobh deas/taobh clé<br>Ní fheicim an triantán.<br>Tá sé aimsithe agam!<br>Ní féidir liom X a fheiceáil!<br>Táimid/táim críochnaithe.<br>Tá mé caillte.<br>An gcabhróidh tú liom?<br>Tuigim cad is ciall le léarscáil<br>Tá mé in ann 5 shiombail léarscáile a aithint agus a ainmniú.<br>Tá mé in ann léarscáil a leanúint ó phointe go pointe. |

Trealamh: Teilifís Chliste, PowerPoint 2, leathanaigh oibre le priontáil (PowerPoint). Suíomh: Seomra Ranga.

| **Gníomhaíochtaí/Tascanna**<br>*Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an acmhainn seo beartaithe mar threoir inoiriúnaithe. Tugann sé rogha do mhúinteoirí na gníomhaíochtaí agus na tascanna a athrú, a leathnú, nó a shrianú, mar is cuí dá gcomhthéacs.* | **Teanga an Mhúinteora** |
|---|---|
| • **Gníomhaíocht 1**: Mínigh na hintinní foghlama agus na critéir ratha do na páistí. Mínigh go ndéanfaidh tú measúnú ar na CR ag deireadh an cheachta le cinntiú gur baineadh iad amach.<br><br>• **Gníomhaíocht 2:** Ceistiú ranga. Taispeáin an íomha den léarscáil dóibh ar shleamhnán 3. Cuir ceist ar an rang cad is ciall le léarscáil nó d'fhéadfá "Cad í seo?" a rá. Tá gach seans ann nach mbeidh an teanga chuí ag na daltaí chun an cheist seo a fhreagairt iomlán i nGaeilge, tá sin ceart go leor. An sprioc taobh thiar den tasc seo ná go gcluineann siad an cheist, go dtuigeann siad an cheist agus go ndéanann siad iarracht roinnt Gaeilge a úsáid leis an gceist a fhreagairt. Má fhreagraíonn siad i mBéarla, déan Athmhúnlú i nGaeilge. (Féach an sampla thíos.) Mol iad má tá an ceart acu, fiú má tá sé ráite acu i mBéarla. Féach an sampla thíos. Tuilleadh eolais anseo: https://curriculumonline.ie/getmedia/b5f93d3c-4db7-474b-9dc1-63952d987716/Aiseolas-Ceartaitheach-i-gComhtheacs-an-Tumoideachais.pdf<br><br>• **Gníomhaíocht 3**: Cuir sleamhnán 4 i gcló agus iarr orthu na léarscáileanna ar fad ar an leathanach oibre a chiorclú. Déan seo ag an gclár leis an rang ar fad agus iarr orthu a gcuid oibre a cheartú.<br><br>• **Gníomhaíocht 4**: Smaoinigh Gabh i mBeirt agus Gabh i bPáirt (Think,Pair, Share)<br><br>• **Gníomhaíocht 5:** Mínigh mar chuid den treodóireacht go mbeidh ar na daltaí léarscáileanna a leanúint agus chun sin a dhéanamh caithfidh siad na siombailí léarscáile a thuiscint. Tá siombailí iontach cosúil leis an mBéarla agus ag an bpointe seo beidh na daltaí in ann an focal léarscáil a thuiscint. Múin na siombailí léarscáile don rang, abair iad os ard agus iarr ar na daltaí iad a rá i do dhiaidh. Chun seo a dhéanamh níos sultmhaire iarr orthu na focail a rá faoi dhó: uair amháin go hard agus go híseal. **Cuir sleamhnán 8 i gcló**. Iarr ar na daltaí na bearnaí a líonadh i mbeirteanna. Ceartaigh seo mar rang agus iarr ar na daltaí scór a thabhairt dóibh féin amach as 8.<br><br>• **Gníomhaíocht 6**: Is féidir an rothlóir a úsáid chun Glaoigh Amach É a imirt. Rothlaigh an rothlóir agus iarr ar na daltaí an tsiombail a ainmniú os ard. D'fhéadfá an rang a scaradh ina dhá leath agus comórtas a dhéanamh don tasc seo. | • Inniu a pháistí táimid ag foghlaim faoin treodóireacht.<br>• Féachaigí ar na critéir ratha:<br>• Sa rang seo beidh sibh in ann<br>• siombailí léarscáile a ainmniú agus a aithint ar an léarscáil.<br>• léarscáil a leanúint ó phointe go pointe.<br>• Cad is ciall le léarscáil? Cad í seo?<br>• Sampla: Dalta: A Mhúinteoir, ceapaim that's a map and you use it for directions.<br>• Múinteoir: Maith thú a Liam, is mapa í léarscáil, a léiríonn an domhan nó áiteanna éagsúla. Abraigí sin i mo dhiaidh, léarscáil. Agus arís, Maith sibh.<br>• Tá an ceart agat, úsáideann tú léarscáil nuair atá treoracha ag teastáil uait. Cad í an Ghaeilge ar 'directions' arís, treoracha. Abraigí sin i mo dhiaidh. Maith sibh.<br>• Ciorclaigh na léarscáileanna ar an leathanach oibre.<br>• Déan seo leat féin/ Déanaigí seo i mbeirteanna.<br>• Cén uair a úsáideann muid léarscáil?<br>• Téigí i mbeirteanna, pléigí an cheist agus scríobhaigí bhur bhfreagraí ar Post It.<br>• Críochnaigh/Críochnaígí an abairt: Úsáideann tú léarscáil ag an/nuair atá tú …<br>• Mhínigh mé cheana go mbeidh sibh in ann siombailí léarscáile a ainmniú sa cheacht seo.<br>• Bíonn siombailí in úsáid ar léarscáileanna, féachaigí na samplaí ar an gclár. Cá mbíonn na siombailí seo le feiceáil arís? Ar an cad __________?<br>…léarscáil, maith sibh.<br>• Anois a pháistí, caithfidh sibh na bearnaí a líonadh ar an leathanach oibre. Is féidir seo a dhéanamh i mbeirteanna. Bainigí úsáid as na focail ag bun an leathanaigh le cuidiú leat.<br>• Ceartóidh muid seo le chéile. Scríobhaigí an scór ag bun an leathanaigh.<br>• Anois a chairde, déanfaidh muid seic an bhfuil na siombailí léarscáile ar eolas againn. Glaoigh amach an tsiombail a fheiceann tú ar an rothlóir. |

| **Gníomhaíochtaí/Tascanna**<br>*Tabhair faoi deara, le do thoil, go bhfuil an acmhainn seo beartaithe mar threoir inoiriúnaithe. Tugann sé rogha do mhúinteoirí na gníomhaíochtaí agus na tascanna a athrú, a leathnú, nó a shrianú, mar is cuí dá gcomhthéacs.* | **Teanga an Mhúinteora** |
|---|---|
| **Gníomhaíocht 7**: Téamh Suas. Rás sealaíochta le siombailí léarscáile<br>Déan 5/6 chóip den chluiche siombailí léarscáile. Roinn na páistí i bhfoirne de sheisear. Seasann siad ag na marcanna tosaithe Cuir bosca leis na siombailí léarscáile cúig mhéadar chun cinn ar na foirne. Cuir na focail mheaitseála i mboscaí ag na marcanna tosaithe. Tógann gach páiste focal ar a seal, ritheann siad chuig an mbosca eile leis an tsiombail chuí a fháil. Caithfidh an dalta ainm na siombaile a ghlaoch amach os ard ansin agus rith abhaile leo. Bíonn an bua ag an bhfoireann a mheaitseálann na siombailí ar dtús.<br><br>**Gníomhaíocht 8**: Tabhair an léarscáil scoile do na daltaí agus bíodh cóip mhéadaithe agat. Tá léarscáil scoile le hullmhú agat, bí cinnte go bhfuil na siombailí léarscáile le feiceáil ar do léarscáil. Tabhair an leathanach oibre ar shleamhnán 11 do na daltaí. Pléigh an eochair/na siombailí ar an léarscáil. Mínigh an cluiche **Teagasc Rud Foghlaim Rud (Each One Teach One):** Caithfidh na daltaí féachaint ar an léarscáil scoile, siúl timpeall an chlóis agus ceist amháin a chur ar gach duine sa rang agus a fhreagairt. Má tá 20 dalta san iomlán, cuirfidh siad fiche ceist agus freagróidh siad x20. Iarr ar na daltaí féachaint ar na samplaí ar an leathanach oibre agus an taisce téarmaíochta le tacú leo. Tosóidh gach ceist le "Cá bhfuil an______" agus críochnóidh an cheist le siombail léarscáile. Moltar an cluiche a thaispeáint do na daltaí ar dtús. Gach uair a chuireann siad ceist nó nuair a fhreagraíonn siad ceist caithfidh siad marc a chur ar an gcárta scoir. Siúil timpeall le linn an taisc agus cuir ceisteanna ar dhaltaí randamacha le cinntiú go bhfuil gach duine ar sprioc agus le tacú le daltaí ar bith atá ag streachailt.<br><br>**Gníomhaíocht 9**: Treodóireacht ó phointe go pointe:<br>Cuir cóip mhéadaithe den léarscáil le roinnt ionaid rialaithe marcáilte ann ar taispeáint sa seomra ranga. Pléigh an eochair/na siombailí. Déan gnéithe agus comharthaí talún a shainaithint. Pléigh an áit ar dhóigh leis na páistí ina bhfuil siad. Mínigh dóibh gur treodóireacht ó phointe go pointe/treodóireacht trastíre atá i gceist agus go gcaithfidh siad na hionaid rialaithe a bhaint amach in ord, go mbeidh an cúrsa amaithe agus go mbeidh an bua ag an mbeirt is tapúla a bheidh na cártaí rialaithe cearta acu.<br>•Tabhair léarscáil, cárta rialaithe, fáisc-chlár agus peann luaidhe don chéad bheirt/dara beirt. Moltar na frásaí úsáideacha ar shleamhnán 14 a chur ar chúl na léarscáile.<br>•Coimeád cuntas den am tosaithe agus cuntas síos go dtí an tús.<br>•Lean an próiseas céanna leis an gcéad bheirt eile, arís eile, go dtí go mbeidh gach duine tosaithe.<br>•Bí cinnte na hamanna críochnaithe a thaifeadadh, ní gá gurb iad an bheirt is túisce abhaile a bhuafaidh.<br>•Bíodh tasc agat ag an deireadh doíbh siúd a chríochnaíonn go luath, mar shampla liostaigh ainm cailín, ainm buachalla, logainm, ach na litreacha bailithe a úsáid nó cé a fhéadann an focal is faide nó an líon is mó focal a dhéanamh leis na litreacha atá acu<br>Meabhraigh do na páistí gur gá an léarscáil a threoshuí (a chur sa treo ceart) agus an tsiombail rialaithe ag an ionad áirithe a chlárú.<br><br>**Ar Lean** | • Rachaidh muid taobh amuigh sa chlós le téamh suas.<br>• Déanaigí scuaine. Glacaigí bhur gcotaí libh. Beidh peann luaidhe ag teastáil freisin.<br>• Beidh rás sealaíochta againn sa chlós/sa halla.<br>• Téigí i ngrúpaí de sheisear. Seasaigí ag an marc tosaithe. Caithfidh dalta amháin ón ghrúpa rith chuig an mbosca, an cárta a phiocadh suas, glaoigh amach cad atá ann, rith ar ais chuig do ghrúpa agus é a mheaitseáil leis an tsiombail cheart.<br>• Ar bhur marcanna, réidh, imígí<br>• Féachaigí ar an léarscáil seo, is léarscáil dár scoil í seo.<br>• Féachaigí ar na siombailí. Cad iad na siombailí a fheiceann sibh?<br>• Cá bhfuil an cosán? Cá bhfuil an foirgneamh? Maith sibh.<br>• Tabhair amach na bileoga oibre a Pheadair. Bulaí fir.<br>• Beidh peann luaidhe de dhíth don ghníomhaíocht seo.<br>• Bígí cinnte go bhfuil léarscáil agus leathanach oibre agaibh ar fad. Cuirigí an dá leathanach seo in airde. Taispeáin dom.<br>• Anois a chairde, imreoidh muid cluiche darbh ainm Teagasc Rud, Foghlaim Rud.<br>• Féach ar na samplaí ar an leathanach oibre.<br>• Caithfidh tú siúl timpeall an chlóis agus ceist a chur ar do chairde faoin léarscáil. Caithfidh do cheist tosú le 'Cá bhfuil' agus críochnú le siombail léarscáile.<br>• Sampla: Duine 1: Cá bhfuil an cosán? Duine 2: Tá an cosán in aice leis an mbóthar.<br>• Má chuireann tú ceist nó má fhreagraíonn tú ceist, caithfidh tú sin a mharcáil sa chairt scóir - sin an bosca ar an leathanaigh. |

| Trealamh: Léarscail mhéadaithe d'fhearann na scoile, Staduaireadóir, Bord agus cathaoireacha, Rialaitheoirí (le criáin dhaite dhifriúla in éineacht le gach ceann acu), Cártaí rialaithe agus pinn dhearga do Rang 6 chun a léarscáileanna féin a mharcáil, Máistirchárta rialaithe | | |
|---|---|---|
| **Tascanna/Gníomhaíochtaí** | **Teanga an Mhúinteora** | **Teanga an Mhúinteora** |
| **Gníomhaíocht 9**: Bain leas as sainchomhartha, rud atá mór agus éasca le haithint.<br>• Mínigh cad atá i gceist le tús céimnithe- páistí ag tosú ag rith gach 30 soicind<br>• Meabhraigh do na páistí go bhfuil cruinneas níos tábhachtaí ná luas - ní gá gurb iad is tapúla na buaiteoirí.<br>• Ar mhaithe le sábháilteacht, bí cinnte go bhfanann na páistí i mbeirteanna.<br>• Cuir uimhir ar gach léarscáil, m.sh. 1-12. chun gur féidir le gach aon duine tosú ag an am céanna<br>• Pé uimhir atá ar an léarscáil, is é sin an túsmharc rialaithe a bheidh acu, m.sh., má tá léarscáil 5 acu, téann siad chuig 5, 6, 7, 8, 9, 10, 11, 12, 1, 2, 3, 4.<br><br>**Gníomhaíocht 10**: Fuarú IarAclaíochta; Scairt amach na treoracha seo a leanas agus iarr ar na daltaí iad a leanúint.<br><br>**Gníomhaíocht 11:** Measúnú ar son Foghlama. Cuir an tasc féinmheasúnaithe i gcló ar shleamhnán 16 agus iarr ar na daltaí seo a chomhlíonadh. Is féidir seo a dhéanamh i mbeirteanna. | • Beidh treodóireacht ó phointe go pointe/trastíre ar siúl againn/agaibh.<br>• Beidh oraibh na rudaí atá léirithe a aimsiú.<br>• Beidh oraibh an tsiombail (rialaitheoir) a aimsiú agus í a chlárú ar an mbileog.<br>• Seasaigí i mbeirteanna/ Beidh an bheirt agaibh le chéile.<br>• Caithfidh sibh na hionaid rialaithe a bhaint amach in ord.<br>• Beidh staduaireadóir agam agus coinneoidh mé cuntas ar an am.<br>• Seasann an comhartha seo do x.<br>• Seo na siombailí/comharthaí a bheidh á lorg againn/agaibh.<br>• Seasann an tsiombail seo do x.<br>• Beidh mé ag comhaireamh síos.<br>• Is sibhse an chéad bheirt, dara beirt, triú, ceathrú, cúigiú, séú & rl beirt.<br>• Beidh an bua ag an mbeirt is tapúla a bheidh na cártaí rialaithe cearta acu.<br>• Fanaigí i mbeirteanna.<br>• Déanaigí bhur bhfreagraí a sheiceáil sula gcríochnaíonn sibh.<br>• Ní haon mhaith brostú abhaile gan na freagraí cearta.<br>• Caithfidh gach duine den bheirt teacht abhaile.<br>• Tá uimhreacha ó 1-12 ar gach léarscáil.<br>• Pé uimhir atá ar an léarscáil sin an chéad uimhir a bheidh agaibh. | • Cuir ort do chóta/ Cuirigí oraibh bhur gcótaí.<br>• An bhfuil léarscáil/bileog ag gach aon duine?<br>• An dtuigeann sibh cad atá le déanamh agaibh?<br>• Taispeánfaidh mé daoibh conas é a dhéanamh.<br>• Tá an leathanach/léarscáil/bileog bunoscionn agat Treoshuigh an léarscáil.<br>• Ar aghaidh libh.<br>• Tóg/tógaigí do/bhur seal<br>• Glacaigí seal<br>• An bhfuil na siombailí ar eolas agaibh?<br>• Bígí ag scipeáil timpeall an chlóis. Bígí ag scipeáil níos moille/níos tapa/go hard. Seasaigí gan bhogadh. Análaígí isteach agus amach.<br>• Cad iad na critéir ratha a bhí againn ag tús an cheachta? An cuimhin libh?<br>• Ar bhain muid iad amach?<br>• Ciorclaigh an aghaidh a léiríonn conas a mhothaíonn tú faoin gcritéir ratha.<br>• An gceapann tú gur bhain tú seo amach?<br>• Ciorclaigh an aghaidh ghlas má tá tú ábalta sin a dhéanamh/ más féidir leat seo a dhéanamh.<br>• Muna bhfuil tú cinnte, ciorclaigh an aghaidh oráiste.<br>• Ciorclaigh an aghaidh dhearg munar bhain tú an critéar seo amach.<br>• Ar fhoghlaim tú aon fhrásaí nua inniu? Breac síos roinnt samplaí anseo sa bhosca. |